

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

16 Feabhra 2021



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2021/177 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a bhaineann le ráig COVID-19 1

II Gníomhartha neamhreachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/178 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2021 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 31 Nollaig 2020 go dtí an 30 Márta 2021 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó Árachais agus Atharachais agus an gnó sin a shaothrú ⁽¹⁾ 6
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/179 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2021 lena gcláraítear ainm i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint “Dalmatinska panceta” (TGFC) 97
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/180 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2021 lena gcláraítear ainm a iontráladh i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint, is é sin (“Dalmatinska pečenica”) (TGFC) 98
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/181 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha i dtaca le táirgeadh, lipéadú agus rialú orgánach ⁽¹⁾ 99

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

CINNTÍ

- ★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 ina leagfar amach miondealú acmhainní REACT-EU de réir Ballstáit le haghaidh na bliana 2021** (*Tugadh fógra dó faoi dhoiciméid C(2021) 843*) 103

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/177 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a bhaineann le ráig COVID-19

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, leagtar síos na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (“an Ciste”).
- (2) An 17 Samhain 2017, rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (“an Colún”) a fhógairt go comhpháirteach mar fhreagairt ar na dúshlán shóisialta atá san Aontas. Leagtar amach 20 prionsabal sa Cholún, agus iad roinnte i dtrí chatagóir: comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair; dálaí oibre córa; agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Ba cheart na gníomhaíochtaí mar fhreagairt ar an ngéarchéim a bhaineann le ráig COVID-19 a bheith faoi threoir an 20 prionsabal sin chun téarnamh atá cothrom agus athléimneach go sóisialta a áirithiú.
- (3) Tá na Ballstáit buailte ag an ngéarchéim a bhaineann le ráig COVID-19 ar bhealach nach bhfacthas riamh roimhe. Tá iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta tromchúiseacha ann mar thoradh ar an ngéarchéim agus chuir sí leis an staid ina bhfuil níos mó ná 20 % de dhaonra an Aontais i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta, dhoimhnigh sí deighiltí sóisialta, agus mhéadaigh sí cailteanais post, rátaí dífhostaíochta agus éagothromaíochtaí. Tháinig de sin staid eiseachtúil nach mór aghaidh a thabhairt uirthi go práinneach, le bearta sonracha i gcomhréir leis an gColún.

⁽¹⁾ IO C 311, 18.9.2020, lch. 82.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 2 Feabhra 2021.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

Chomh maith leis sin, mar gheall ar an ngéarchéim, tá tionchar socheacnamaíoch díréireach ar mhná agus cailíní agus tá baineannú na bochtaineachta ag méadú. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de chomhionannas idir fir agus mná a áirithiú agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus gné na hinscne a chomhtháthú le linn chéimeanna éagsúla an Chiste agus i ngníomhaíochtaí uile an Chiste, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

- (4) Tá tionchar diúltach ar leith ag géarchéim COVID-19 ar an gCiste agus ar chumas na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta tacaíocht a thabhairt do na daoine is mó atá thíos leis an ngéarchéim. Ó bunaíodh é in 2014, tá 13 mhiliúin duine in ann tairbhiú den Chiste in aghaidh na bliana, thart ar 4 mhiliúin leanbh san áireamh. Ar an drochuair, tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá thíos le díth bia agus ábhartha mar gheall ar an ngéarchéim agus tá ar na daoine is díothaí aghaidh a thabhairt ar rioscaí ar leith agus ar thuilleadh cruatain. Ina theannta sin, leis an ngéarchéim, cuirtear cuimsiú sóisialta na ndaoine is díothaí i mbaol níos mó. Dá bhrí sin, tá méadú ar an éileamh le haghaidh tacaíocht ón gCiste os comhair na mBallstát.
- (5) Chun go gceartófaí na turraingí ollmhóra ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí, ar turraingí iad a spreag éilimh bhreise ar chórais leasa na mBallstát agus a chuaigh i bhfeidhm go mór ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mar gheall ar shrianta eisceachtúla arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun ráig COVID-19 a shrianadh, chuir an Chomhairle Eorpach, an 23 Aibreán 2020, fáilte roimh “Treochlár don téarnamh” ina bhfuil comhpháirt láidir infheistíochta, d’iarr siad go mbunófaí Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh agus chuir siad de chúram ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na riachtanais chun gurbh fhéidir na hacmhainní a dhíriú ar na hearnálacha agus ar na limistéir gheografacha den Aontas is mó atá buailte, agus an nasc á shoiléiriú freisin leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil do 2021-2027 ag an am céanna.
- (6) Le Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, fuaclaítear acmhainní breise chun tacú leis na Ballstáit ina ngníomhaíochtaí um leigheas díobhála géarchéime i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus i dtéarnamh sóisialta, athléimneach agus inbhuanaithe an gheilleagair agus na sochaí a ullmhú. Chun freagairt éifeachtach a thabhairt ar thionchar sóisialta ráig COVID-19 ar na daoine is díothaí, foráiltear sa Rialachán sin maidir le hacmhainní breise a leithdháileadh ar an gCiste i gcás ina gcinneann Ballstát amhlaidh agus i gcomhréir lena riachtanais. Á dhéanamh sin dóibh, ba cheart do na Ballstáit aird faoi leith a thabhairt ar an méadú ar líon na ndaoine is díothaí ó thosaigh ráig COVID-19, ba cheart dóibh an ról ríthábhachtach atá ag Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) a chur san áireamh maidir leis an mbochtaineacht a dhíothú agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, agus ba cheart dóibh neart oibríochtúil CSE a chothabháil. Ina theannta sin, is gá uasmhéideanna a bhunú maidir le leithdháileadh na n-acmhainní breise ar chúnamh teicniúil an Bhallstáit. Agus caiteachas tapa na n-acmhainní breise a bhfuiltear ag súil leis á chur san áireamh, ba cheart na gealltanais atá nasctha leis na hacmhainní breise sin a shaoradh freisin tráth a dhúntar na cláir.
- (7) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin leis na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.
- (8) Nuair a ghlactar bearta chun buiséad an Aontais a chosaint, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaí leasanna dlisteanacha faighteoirí deiridh agus tairbhíthe a choimirciú go cuí.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socrúithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach an gheilleagair a ullmhú (REACT-EU) (IO L 437, 28.12.2020, lch. 30).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (9) Chun a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag na Ballstáit chun gníomhaíochtaí um leigheas díobhála géarchéime a chur chun feidhme go tapa i bhfianaise an tionchair atá ag géarchéim COVID-19 ar bhochtaineacht agus eisiámh sóisialta agus chun ullmhú le haghaidh théarnamh sóisialta, athléimneach agus inbhuanaithe an gheilleagair agus na sochaí, is gá leibhéal níos airde d'íocaíocht réamh-mhaoinithe a sholáthar chun gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na hacmhainní breise a chur chun feidhme go tapa. Le méid an réamh-mhaoinithe, ba cheart a áirithiú go mbeidh na hacmhainní ag na Ballstáit chun réamhíocaíochtaí do thairbhíthe a eagrú chomh luath agus is féidir chun faoiseamh láithreach a sholáthar dóibh, agus chun tairbhíthe a chúiteamh go tapa tar éis éilimh ar íocaíochtaí a thíolacadh.
- (10) D'fhonn an t-ualach a mhaolú ar bhuiséid phoiblí maidir le gníomhaíochtaí um leigheas díobhála géarchéime i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus théarnamh sóisialta, athléimneach agus inbhuanaithe an gheilleagair agus na sochaí a ullmhú, is iomchúí go dtabharfaí an deis eisceachtúil do na Ballstáit a iarraidh go gcuirfí ráta cómhaoinithe suas le 100 % i bhfeidhm ar thacaíocht ó na hacmhainní breise.
- (11) Chun a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit na bearta a choigeartú go tapa faoin gCiste mar fhreagairt ar ráig COVID-19, is iomchúí forálacha sonracha a leagan síos chun raon feidhme an chúinimh theicniúil a shoiléiriú.
- (12) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní a leithdháiltear leis, ba cheart bearta faoin gCiste seo a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 nach bhfacthas riamh roimhe. Ba cheart na hacmhainní breise a úsáid i gcomhlíonadh na dtéorainneacha ama dá bhforáiltear sa Rialachán sin agus faoi réir na goinníollacha ábhartha a leagtar amach ann agus i Rialachán (AE) 2020/2221.
- (13) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon freagairt ar ráig COVID-19 agus a hiarmhairtí socheacnamaíocha ar na daoine is díothaí, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (14) I bhfianaise na práinne atá leis an staid a bhaineann le ráig COVID-19, is iomchúí go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (15) Le hAirteagal 135(2) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽⁷⁾, foráiltear nach bhfuil feidhm le bheith ag leasuithe ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ⁽⁸⁾ nó ar Chinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle ⁽⁹⁾ arna nglacadh ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin nó dá éis sin maidir leis an Ríocht Aontaithe a mhéid a bheidh tionchar ag na leasuithe sin ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe. Maidir leis an tacaíocht faoi Airteagal 6a de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 le haghaidh 2021 agus 2022, maoinítear í trí mhéadú ar uasteorainn acmhainní dílse an Aontais, rud a mbeadh tionchar aige ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an tacaíocht sin maidir leis an Ríocht Aontaithe ná sa Ríocht Aontaithe.
- (16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a leasú dá réir sin,

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

⁽⁷⁾ Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

⁽⁹⁾ Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 105).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(2):

“2. Cé is moite de na hacmhainní breise a leithdháileadh mar fhreagairt ar ráig COVID-19, dá dtagraítear in Airteagal 6a, leagtar amach in Iarscríbhinn III an leithdháileadh ón gCiste don tréimhse 2014-2020 le haghaidh gach Ballstáit. Is é EUR 3 500 000 an t-íosmhéid a bheidh ann le haghaidh gach Ballstáit don tréimhse iomlán.”;

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 6a

Acmhainní breise mar fhreagairt ar an ngéarchéim a bhaineann le ráig COVID-19

1. I gcás ina measann an Ballstát gurb iomchuí sin, déanfar na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán seo a mhéadú mar fhreagairt ar an ngéarchéim a bhaineann le ráig COVID-19, i gcomhréir leis an seachtú fomhír d’Airteagal 92b(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus faoi na coinníollacha ábhartha a leagtar síos sa mhír sin. Ioncam sannta seachtrach dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle (**) a bheidh sna hacmhainní breise agus beidh siad faoi réir Airteagal 3(3), (4), (7) agus (9) de. Féadfaidh tionchar a bheith ag na hacmhainní breise ar na gealltanais bhuiséadacha do na blianta 2021 agus 2022.

2. De mhaolú ar Airteagal 7(1), is go dtí an 31 Nollaig 2022 a bheidh an tréimhse le haghaidh cláir oibríochtúla a bhaineann tairbhe as acmhainní breise i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

3. De mhaolú ar an gcéad mhír d’Airteagal 38 den Rialachán seo, déanfar na gealltanais bhuiséadacha le haghaidh na n-acmhainní breise i ndáil le gach clár sna blianta 2021 agus 2022.

De mhaolú ar Airteagal 59(1) den Rialachán seo, déanfar na gealltanais bhuiséadacha le haghaidh na n-acmhainní bhreise a shaoradh i gcomhréir leis na rialacha a bheidh le comhlíonadh maidir le dúnadh na gclár.

4. I dteannta an réamh-mhaoinithe dá dtagraítear in Airteagal 44(1), íocfaidh an Coimisiún méid réamh-mhaoinithe dar luach 11 % de na hacmhainní breise a leithdháileadh don bhliain 2021 tar éis an chinnidh ón gChoimisiún lena bhformheastar an leasú ar chlár i gcomhair leithdháileadh na n-acmhainní breise.

Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú tosaigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a imríteach go hiomlán ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an tráth a dhúntar an clár.

5. De mhaolú ar Airteagal 20, féadfar ráta cómhaoinithe suas le 100 % a chur i bhfeidhm maidir leis na hacmhainní breise faoi mhír 1 den Airteagal seo.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

(**) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).”;

(3) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ar thionscnamh na mBallstát, agus faoi réir uasteorainn 5 % de leithdháileadh an Chiste tráth a nglacfar an clár oibríochtúil agus 5 % de na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 6a(1), féadfar a mhaoiniú leis an gclár oibríochtúil na bearta ullmhúcháin, bainistíochta, faireacháin, riaracháin agus cúnaimh theicniúil, iniúchóireachta, faisnéise, rialaithe agus meastóireachta is gá chun an Ciste seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear costais ullmhúcháin agus oibriúcháin maidir le scéimeanna dearbháin i gcás ina bhfuil na costais sin á n-iompair ag an údarás bainistíochta nó ag comhlacht poiblí eile nach eagraíocht chomhpháirtíochta é. Chomh maith leis sin, féadfar a mhaoiniú leis an gclár oibríochtúil cúnamh teicniúil agus forbairt acmhainní eagraíochtaí comhpháirtíochta agus aon ghníomhaithe eile a bhaineann le cur chun feidhme an Chiste, lena n-áirítear le haghaidh acmhainneacht freagartha ar ghéarchéimeanna chun aghaidh a thabhairt ar ráig COVID-19. Na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa mhír seo, féadfaidh siad a bheith bainteach leis an gclárthréimhse ina dhiaidh sin, lena n-áirítear chun leanúnachas na tacaíochta ón gCiste trí chistí eile de chuid an Aontais a áirithiú.”;

(4) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 63a

Infheidhmeacht

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 6a maidir leis an Ríocht Aontaithe ná sa Ríocht Aontaithe. Maidir le tagairtí do Bhallstáit san Airteagal sin, tuigfeadh nach tagairtí a áiríonn an Ríocht Aontaithe iad.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Feabhra 2021.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. P. ZACARIAS

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/178 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Feabhra 2021

lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 31 Nollaig 2020 go dtí an 30 Márta 2021 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó Árachais agus Atharachais agus an gnó sin a shaothrú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009, maidir le gabháil le gnó Árachais agus Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) ⁽¹⁾, agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 77e(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh ríomh na bhforálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha ag gnóthais árachais agus atharachais chun críocha Threoir 2009/138/CE, ba cheart faisnéis theicniúil faoi struchtúir téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, raonta difríochta le haghaidh le haghaidh ríomh an choigeartaithe meaitseála agus na choigeartuithe luaineachta a leagan síos le haghaidh gach dáta tagartha.
- (2) Ba cheart do ghnóthais árachais agus atharachais úsáid a bhaint as an bhfaisnéis theicniúil atá bunaithe ar shonraí margaidh a bhaineann le deireadh na míosa roimhe sin a thagann roimh an gcéad dáta tagartha tuarascála maidir lena bhfuil feidhm ag an Rialachán seo. An 7 Eanáir 2021, chuir an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis theicniúil a bhaineann le sonraí margaidh go dtí deireadh mhí na Nollag 2020. Foilsíodh an fhaisnéis sin an 7 Eanáir 2021 i gcomhréir le hAirteagal 77e(1) de Threoir 2009/138/CE.
- (3) De bhrí go mbeidh gá an fhaisnéis theicniúil a bheith ar fáil láithreach, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhonn práinne.
- (4) Ar chúiseanna stuamachta, ní mór go n-úsáidfídh gnóthais árachais agus atharachais an fhaisnéis theicniúil chéanna chun forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha a ríomh gan beann ar an dáta a thuairiscíonn siad dá n-údarás inniúla. Ba cheart dá bharr sin go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón gcéad dáta tagartha tuarascála a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis.

⁽¹⁾ IO L 335, 17.12.2009, lch. 1.

- (5) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar a luaithe agus is féidir, tá bonn cirt cuí go ndéanfar ar mhórchúiseanna práinne a bhaineann le hinfhaighteacht an struchtúir téarma ábhartha ráta úis saor ó riosca, go ndéanfar bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8, i gcomhar le hAirteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Bainfidh gnóthais árachais agus athárachais úsáid as an bhfaisnéis theicniúil dá dtagraítear i mír 2 agus forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha á ríomh le haghaidh tuarascála a bhfuil dátaí tagartha ón 31 Nollaig 2020 go dtí an 30 Márta 2021 ag baint leo.
2. Maidir le gach airgeadra ábhartha, is é a bheidh san fhaisnéis theicniúil a úsáidfear chun an meastachán is fearr a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 77 de Threoir 2009/138/CE, an coigeartú meaitseála i gcomhréir le hAirteagal 77c den Treoir sin agus an coigeartú luaineachta i gcomhréir le hAirteagal 77d den Treoir, is é a bheidh inti an méid seo a leanas:
 - (a) na struchtúir ábhartha téarma ráta saor ó riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn I;
 - (b) na raonta difríochta bunúsacha le haghaidh ríomh an choigeartaithe meaitseála a leagtar amach in Iarscríbhinn II;
 - (c) i dtaca le gach margadh árachais náisiúnta ábhartha, na coigeartuithe luaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 31 Nollaig 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

IARSCRÍBHINN I

Cuair toraidh ábhartha atá saor ó riosca chun an meastachán is fearr a ríomh, gan aon choigeartú meaitseála nó choigeartú luaineachta

Téarma go dtí aibíocht (i mblianta)	Euro	Koruna Phoblacht na Seice	Krone na Danmhairge	Forint	Krona	Kuna
1	-0,623%	0,385%	-0,633%	0,286%	-0,144%	-0,258%
2	-0,624%	0,606%	-0,634%	0,530%	-0,117%	-0,078%
3	-0,608%	0,790%	-0,618%	0,771%	-0,071%	0,065%
4	-0,587%	0,927%	-0,597%	0,996%	-0,020%	0,164%
5	-0,558%	1,020%	-0,568%	1,198%	0,033%	0,249%
6	-0,527%	1,076%	-0,537%	1,381%	0,085%	0,337%
7	-0,486%	1,113%	-0,496%	1,545%	0,139%	0,435%
8	-0,445%	1,141%	-0,455%	1,690%	0,162%	0,546%
9	-0,404%	1,167%	-0,415%	1,819%	0,199%	0,668%
10	-0,367%	1,193%	-0,377%	1,928%	0,291%	0,790%
11	-0,320%	1,223%	-0,330%	2,015%	0,453%	0,909%
12	-0,275%	1,256%	-0,285%	2,087%	0,646%	1,022%
13	-0,263%	1,294%	-0,273%	2,150%	0,839%	1,130%
14	-0,205%	1,337%	-0,215%	2,209%	1,021%	1,232%
15	-0,174%	1,386%	-0,185%	2,269%	1,188%	1,329%
16	-0,166%	1,440%	-0,176%	2,330%	1,339%	1,420%
17	-0,161%	1,499%	-0,171%	2,392%	1,476%	1,507%
18	-0,151%	1,558%	-0,162%	2,453%	1,598%	1,589%
19	-0,130%	1,619%	-0,140%	2,514%	1,709%	1,666%
20	-0,093%	1,679%	-0,103%	2,573%	1,810%	1,738%
21	-0,038%	1,738%	-0,048%	2,631%	1,901%	1,807%
22	0,029%	1,796%	0,019%	2,687%	1,984%	1,872%
23	0,105%	1,852%	0,095%	2,741%	2,060%	1,934%
24	0,186%	1,907%	0,176%	2,792%	2,130%	1,992%
25	0,270%	1,960%	0,260%	2,842%	2,194%	2,047%
26	0,354%	2,010%	0,346%	2,890%	2,254%	2,100%
27	0,439%	2,059%	0,431%	2,936%	2,309%	2,150%
28	0,523%	2,106%	0,515%	2,980%	2,360%	2,197%
29	0,606%	2,151%	0,598%	3,022%	2,407%	2,242%
30	0,686%	2,194%	0,678%	3,062%	2,452%	2,284%
31	0,765%	2,236%	0,757%	3,100%	2,493%	2,325%
32	0,841%	2,275%	0,833%	3,137%	2,532%	2,364%
33	0,914%	2,314%	0,907%	3,173%	2,569%	2,400%
34	0,985%	2,350%	0,978%	3,206%	2,604%	2,436%
35	1,053%	2,385%	1,046%	3,239%	2,636%	2,469%
36	1,119%	2,418%	1,112%	3,270%	2,667%	2,501%
37	1,182%	2,451%	1,176%	3,299%	2,696%	2,532%

38	1,243%	2,481%	1,237%	3,328%	2,724%	2,561%
39	1,302%	2,511%	1,296%	3,355%	2,750%	2,589%
40	1,358%	2,539%	1,352%	3,381%	2,775%	2,616%
41	1,412%	2,567%	1,406%	3,407%	2,798%	2,642%
42	1,464%	2,593%	1,458%	3,431%	2,821%	2,667%
43	1,514%	2,618%	1,508%	3,454%	2,843%	2,690%
44	1,562%	2,642%	1,557%	3,476%	2,863%	2,713%
45	1,608%	2,665%	1,603%	3,498%	2,883%	2,735%
46	1,653%	2,688%	1,648%	3,518%	2,901%	2,756%
47	1,696%	2,709%	1,690%	3,538%	2,919%	2,776%
48	1,737%	2,730%	1,732%	3,557%	2,937%	2,796%
49	1,777%	2,750%	1,772%	3,576%	2,953%	2,814%
50	1,815%	2,769%	1,810%	3,594%	2,969%	2,832%
51	1,852%	2,788%	1,847%	3,611%	2,984%	2,850%
52	1,887%	2,806%	1,882%	3,627%	2,999%	2,867%
53	1,922%	2,823%	1,917%	3,643%	3,013%	2,883%
54	1,955%	2,840%	1,950%	3,659%	3,027%	2,898%
55	1,987%	2,856%	1,982%	3,674%	3,040%	2,913%
56	2,018%	2,871%	2,013%	3,688%	3,053%	2,928%
57	2,047%	2,887%	2,043%	3,702%	3,065%	2,942%
58	2,076%	2,901%	2,072%	3,715%	3,076%	2,956%
59	2,104%	2,915%	2,100%	3,728%	3,088%	2,969%
60	2,131%	2,929%	2,127%	3,741%	3,099%	2,982%
61	2,157%	2,942%	2,153%	3,753%	3,109%	2,994%
62	2,183%	2,955%	2,179%	3,765%	3,120%	3,006%
63	2,207%	2,967%	2,203%	3,777%	3,130%	3,018%
64	2,231%	2,980%	2,227%	3,788%	3,139%	3,029%
65	2,254%	2,991%	2,250%	3,799%	3,149%	3,040%
66	2,277%	3,003%	2,273%	3,809%	3,158%	3,051%
67	2,298%	3,014%	2,295%	3,819%	3,167%	3,061%
68	2,320%	3,024%	2,316%	3,829%	3,175%	3,071%
69	2,340%	3,035%	2,337%	3,839%	3,184%	3,081%
70	2,360%	3,045%	2,357%	3,848%	3,192%	3,090%
71	2,380%	3,055%	2,376%	3,857%	3,199%	3,099%
72	2,398%	3,064%	2,395%	3,866%	3,207%	3,108%
73	2,417%	3,074%	2,413%	3,875%	3,215%	3,117%
74	2,435%	3,083%	2,431%	3,883%	3,222%	3,126%
75	2,452%	3,092%	2,449%	3,891%	3,229%	3,134%
76	2,469%	3,100%	2,466%	3,899%	3,236%	3,142%
77	2,486%	3,109%	2,482%	3,907%	3,242%	3,150%
78	2,502%	3,117%	2,498%	3,915%	3,249%	3,157%
79	2,517%	3,125%	2,514%	3,922%	3,255%	3,165%
80	2,533%	3,133%	2,530%	3,929%	3,261%	3,172%
81	2,548%	3,140%	2,545%	3,936%	3,267%	3,179%

82	2,562%	3,148%	2,559%	3,943%	3,273%	3,186%
83	2,576%	3,155%	2,573%	3,950%	3,279%	3,193%
84	2,590%	3,162%	2,587%	3,956%	3,284%	3,200%
85	2,604%	3,169%	2,601%	3,963%	3,290%	3,206%
86	2,617%	3,175%	2,614%	3,969%	3,295%	3,212%
87	2,630%	3,182%	2,627%	3,975%	3,300%	3,218%
88	2,643%	3,188%	2,640%	3,981%	3,306%	3,224%
89	2,655%	3,195%	2,652%	3,987%	3,311%	3,230%
90	2,667%	3,201%	2,664%	3,992%	3,315%	3,236%
91	2,679%	3,207%	2,676%	3,998%	3,320%	3,242%
92	2,691%	3,213%	2,688%	4,003%	3,325%	3,247%
93	2,702%	3,219%	2,699%	4,009%	3,329%	3,253%
94	2,713%	3,224%	2,710%	4,014%	3,334%	3,258%
95	2,724%	3,230%	2,721%	4,019%	3,338%	3,263%
96	2,735%	3,235%	2,732%	4,024%	3,343%	3,268%
97	2,745%	3,240%	2,742%	4,029%	3,347%	3,273%
98	2,755%	3,246%	2,753%	4,034%	3,351%	3,278%
99	2,765%	3,251%	2,763%	4,038%	3,355%	3,283%
100	2,775%	3,256%	2,772%	4,043%	3,359%	3,287%
101	2,785%	3,261%	2,782%	4,048%	3,363%	3,292%
102	2,794%	3,265%	2,792%	4,052%	3,366%	3,296%
103	2,803%	3,270%	2,801%	4,056%	3,370%	3,301%
104	2,812%	3,275%	2,810%	4,061%	3,374%	3,305%
105	2,821%	3,279%	2,819%	4,065%	3,377%	3,309%
106	2,830%	3,284%	2,828%	4,069%	3,381%	3,313%
107	2,838%	3,288%	2,836%	4,073%	3,384%	3,318%
108	2,847%	3,292%	2,845%	4,077%	3,388%	3,322%
109	2,855%	3,296%	2,853%	4,081%	3,391%	3,325%
110	2,863%	3,300%	2,861%	4,084%	3,394%	3,329%
111	2,871%	3,305%	2,869%	4,088%	3,398%	3,333%
112	2,879%	3,309%	2,877%	4,092%	3,401%	3,337%
113	2,887%	3,312%	2,884%	4,095%	3,404%	3,340%
114	2,894%	3,316%	2,892%	4,099%	3,407%	3,344%
115	2,902%	3,320%	2,899%	4,103%	3,410%	3,348%
116	2,909%	3,324%	2,907%	4,106%	3,413%	3,351%
117	2,916%	3,327%	2,914%	4,109%	3,416%	3,354%
118	2,923%	3,331%	2,921%	4,113%	3,418%	3,358%
119	2,930%	3,334%	2,928%	4,116%	3,421%	3,361%
120	2,937%	3,338%	2,935%	4,119%	3,424%	3,364%
121	2,943%	3,341%	2,941%	4,122%	3,427%	3,367%
122	2,950%	3,345%	2,948%	4,125%	3,429%	3,371%
123	2,957%	3,348%	2,955%	4,128%	3,432%	3,374%
124	2,963%	3,351%	2,961%	4,131%	3,434%	3,377%
125	2,969%	3,354%	2,967%	4,134%	3,437%	3,380%

126	2,975%	3,357%	2,973%	4,137%	3,439%	3,383%
127	2,981%	3,361%	2,979%	4,140%	3,442%	3,386%
128	2,987%	3,364%	2,985%	4,143%	3,444%	3,388%
129	2,993%	3,367%	2,991%	4,146%	3,447%	3,391%
130	2,999%	3,370%	2,997%	4,148%	3,449%	3,394%
131	3,005%	3,372%	3,003%	4,151%	3,451%	3,397%
132	3,010%	3,375%	3,009%	4,154%	3,454%	3,399%
133	3,016%	3,378%	3,014%	4,156%	3,456%	3,402%
134	3,021%	3,381%	3,020%	4,159%	3,458%	3,405%
135	3,027%	3,384%	3,025%	4,161%	3,460%	3,407%
136	3,032%	3,386%	3,030%	4,164%	3,462%	3,410%
137	3,037%	3,389%	3,036%	4,166%	3,464%	3,412%
138	3,043%	3,392%	3,041%	4,169%	3,466%	3,415%
139	3,048%	3,394%	3,046%	4,171%	3,468%	3,417%
140	3,053%	3,397%	3,051%	4,173%	3,470%	3,419%
141	3,058%	3,399%	3,056%	4,176%	3,472%	3,422%
142	3,062%	3,402%	3,061%	4,178%	3,474%	3,424%
143	3,067%	3,404%	3,065%	4,180%	3,476%	3,426%
144	3,072%	3,406%	3,070%	4,182%	3,478%	3,428%
145	3,077%	3,409%	3,075%	4,185%	3,480%	3,431%
146	3,081%	3,411%	3,079%	4,187%	3,482%	3,433%
147	3,086%	3,413%	3,084%	4,189%	3,484%	3,435%
148	3,090%	3,416%	3,088%	4,191%	3,486%	3,437%
149	3,095%	3,418%	3,093%	4,193%	3,487%	3,439%
150	3,099%	3,420%	3,097%	4,195%	3,489%	3,441%

Téarma go dtí aibíocht (i mblianta)	Lev	Punt steirling	Leu na Rómáine	Zloty	Króna	Krone na hIorua
1	-0,673%	-0,110%	2,285%	-0,150%	0,967%	0,308%
2	-0,674%	-0,079%	2,361%	-0,071%	1,287%	0,485%
3	-0,658%	-0,019%	2,435%	0,073%	1,710%	0,616%
4	-0,637%	0,035%	2,511%	0,247%	2,045%	0,748%
5	-0,608%	0,083%	2,581%	0,425%	2,313%	0,859%
6	-0,577%	0,128%	2,651%	0,599%	2,545%	0,940%
7	-0,536%	0,171%	2,722%	0,760%	2,748%	1,006%
8	-0,495%	0,212%	2,794%	0,911%	2,918%	1,068%
9	-0,455%	0,251%	2,865%	1,054%	3,050%	1,131%
10	-0,418%	0,289%	2,939%	1,190%	3,154%	1,200%
11	-0,370%	0,321%	3,004%	1,313%	3,237%	1,274%
12	-0,325%	0,349%	3,058%	1,427%	3,304%	1,352%
13	-0,313%	0,374%	3,104%	1,530%	3,360%	1,430%
14	-0,255%	0,396%	3,144%	1,626%	3,406%	1,508%
15	-0,225%	0,415%	3,178%	1,714%	3,445%	1,583%

16	-0,217%	0,431%	3,209%	1,796%	3,478%	1,657%
17	-0,212%	0,444%	3,236%	1,873%	3,507%	1,728%
18	-0,203%	0,455%	3,261%	1,944%	3,531%	1,796%
19	-0,181%	0,463%	3,283%	2,011%	3,553%	1,861%
20	-0,143%	0,469%	3,303%	2,074%	3,571%	1,923%
21	-0,088%	0,473%	3,322%	2,132%	3,587%	1,982%
22	-0,020%	0,476%	3,338%	2,188%	3,601%	2,038%
23	0,057%	0,477%	3,354%	2,240%	3,614%	2,092%
24	0,139%	0,477%	3,368%	2,289%	3,625%	2,144%
25	0,224%	0,476%	3,381%	2,335%	3,635%	2,192%
26	0,310%	0,475%	3,394%	2,379%	3,644%	2,239%
27	0,396%	0,473%	3,405%	2,420%	3,652%	2,283%
28	0,481%	0,471%	3,416%	2,460%	3,659%	2,325%
29	0,565%	0,469%	3,426%	2,497%	3,665%	2,366%
30	0,646%	0,468%	3,436%	2,533%	3,671%	2,404%
31	0,726%	0,468%	3,445%	2,566%	3,676%	2,441%
32	0,803%	0,467%	3,453%	2,598%	3,681%	2,476%
33	0,877%	0,465%	3,461%	2,629%	3,685%	2,509%
34	0,949%	0,463%	3,469%	2,658%	3,689%	2,541%
35	1,018%	0,459%	3,476%	2,686%	3,692%	2,571%
36	1,085%	0,454%	3,483%	2,713%	3,696%	2,601%
37	1,149%	0,447%	3,489%	2,738%	3,698%	2,629%
38	1,211%	0,437%	3,495%	2,762%	3,701%	2,655%
39	1,270%	0,426%	3,501%	2,785%	3,704%	2,681%
40	1,327%	0,411%	3,507%	2,808%	3,706%	2,706%
41	1,382%	0,394%	3,512%	2,829%	3,708%	2,729%
42	1,435%	0,376%	3,517%	2,849%	3,710%	2,752%
43	1,485%	0,359%	3,522%	2,869%	3,712%	2,773%
44	1,534%	0,345%	3,527%	2,888%	3,713%	2,794%
45	1,581%	0,335%	3,531%	2,906%	3,715%	2,814%
46	1,626%	0,330%	3,536%	2,923%	3,716%	2,834%
47	1,669%	0,329%	3,540%	2,940%	3,717%	2,852%
48	1,711%	0,334%	3,544%	2,956%	3,719%	2,870%
49	1,751%	0,345%	3,548%	2,972%	3,720%	2,887%
50	1,790%	0,362%	3,552%	2,987%	3,721%	2,904%
51	1,827%	0,385%	3,555%	3,001%	3,722%	2,920%
52	1,863%	0,413%	3,559%	3,015%	3,723%	2,935%
53	1,898%	0,444%	3,562%	3,028%	3,723%	2,950%
54	1,932%	0,479%	3,565%	3,041%	3,724%	2,965%
55	1,964%	0,516%	3,569%	3,054%	3,725%	2,978%
56	1,995%	0,554%	3,572%	3,066%	3,726%	2,992%
57	2,026%	0,594%	3,575%	3,078%	3,726%	3,005%
58	2,055%	0,634%	3,578%	3,089%	3,727%	3,017%
59	2,083%	0,674%	3,580%	3,100%	3,728%	3,030%

60	2,110%	0,715%	3,583%	3,111%	3,728%	3,041%
61	2,137%	0,755%	3,586%	3,121%	3,729%	3,053%
62	2,163%	0,796%	3,588%	3,131%	3,729%	3,064%
63	2,188%	0,836%	3,591%	3,141%	3,730%	3,075%
64	2,212%	0,875%	3,593%	3,150%	3,730%	3,085%
65	2,235%	0,914%	3,595%	3,159%	3,730%	3,095%
66	2,258%	0,953%	3,597%	3,168%	3,731%	3,105%
67	2,280%	0,990%	3,600%	3,177%	3,731%	3,114%
68	2,301%	1,028%	3,602%	3,185%	3,732%	3,124%
69	2,322%	1,064%	3,604%	3,193%	3,732%	3,133%
70	2,342%	1,100%	3,606%	3,201%	3,732%	3,141%
71	2,362%	1,135%	3,608%	3,208%	3,733%	3,150%
72	2,381%	1,169%	3,610%	3,216%	3,733%	3,158%
73	2,400%	1,202%	3,612%	3,223%	3,733%	3,166%
74	2,418%	1,235%	3,613%	3,230%	3,733%	3,174%
75	2,435%	1,267%	3,615%	3,237%	3,734%	3,182%
76	2,453%	1,299%	3,617%	3,244%	3,734%	3,189%
77	2,469%	1,329%	3,619%	3,250%	3,734%	3,196%
78	2,486%	1,359%	3,620%	3,257%	3,735%	3,203%
79	2,502%	1,389%	3,622%	3,263%	3,735%	3,210%
80	2,517%	1,417%	3,623%	3,269%	3,735%	3,217%
81	2,532%	1,445%	3,625%	3,275%	3,735%	3,224%
82	2,547%	1,473%	3,626%	3,281%	3,735%	3,230%
83	2,561%	1,500%	3,628%	3,286%	3,736%	3,236%
84	2,575%	1,526%	3,629%	3,292%	3,736%	3,242%
85	2,589%	1,551%	3,631%	3,297%	3,736%	3,248%
86	2,603%	1,576%	3,632%	3,302%	3,736%	3,254%
87	2,616%	1,601%	3,633%	3,308%	3,736%	3,260%
88	2,628%	1,625%	3,635%	3,313%	3,737%	3,265%
89	2,641%	1,648%	3,636%	3,317%	3,737%	3,271%
90	2,653%	1,671%	3,637%	3,322%	3,737%	3,276%
91	2,665%	1,694%	3,638%	3,327%	3,737%	3,281%
92	2,677%	1,716%	3,640%	3,331%	3,737%	3,286%
93	2,688%	1,738%	3,641%	3,336%	3,737%	3,291%
94	2,700%	1,759%	3,642%	3,340%	3,737%	3,296%
95	2,711%	1,779%	3,643%	3,345%	3,738%	3,301%
96	2,721%	1,800%	3,644%	3,349%	3,738%	3,306%
97	2,732%	1,820%	3,645%	3,353%	3,738%	3,310%
98	2,742%	1,839%	3,646%	3,357%	3,738%	3,315%
99	2,752%	1,858%	3,647%	3,361%	3,738%	3,319%
100	2,762%	1,877%	3,648%	3,365%	3,738%	3,323%
101	2,772%	1,895%	3,649%	3,369%	3,738%	3,327%
102	2,782%	1,913%	3,650%	3,372%	3,738%	3,332%
103	2,791%	1,931%	3,651%	3,376%	3,739%	3,336%

104	2,800%	1,948%	3,652%	3,380%	3,739%	3,340%
105	2,809%	1,965%	3,653%	3,383%	3,739%	3,344%
106	2,818%	1,982%	3,654%	3,387%	3,739%	3,347%
107	2,827%	1,998%	3,655%	3,390%	3,739%	3,351%
108	2,835%	2,014%	3,656%	3,393%	3,739%	3,355%
109	2,844%	2,030%	3,657%	3,397%	3,739%	3,358%
110	2,852%	2,046%	3,657%	3,400%	3,739%	3,362%
111	2,860%	2,061%	3,658%	3,403%	3,739%	3,365%
112	2,868%	2,076%	3,659%	3,406%	3,740%	3,369%
113	2,876%	2,090%	3,660%	3,409%	3,740%	3,372%
114	2,883%	2,105%	3,661%	3,412%	3,740%	3,376%
115	2,891%	2,119%	3,661%	3,415%	3,740%	3,379%
116	2,898%	2,133%	3,662%	3,418%	3,740%	3,382%
117	2,905%	2,147%	3,663%	3,421%	3,740%	3,385%
118	2,912%	2,160%	3,664%	3,423%	3,740%	3,388%
119	2,919%	2,174%	3,664%	3,426%	3,740%	3,391%
120	2,926%	2,187%	3,665%	3,429%	3,740%	3,394%
121	2,933%	2,199%	3,666%	3,432%	3,740%	3,397%
122	2,940%	2,212%	3,667%	3,434%	3,740%	3,400%
123	2,946%	2,224%	3,667%	3,437%	3,741%	3,403%
124	2,953%	2,237%	3,668%	3,439%	3,741%	3,406%
125	2,959%	2,249%	3,668%	3,442%	3,741%	3,408%
126	2,965%	2,260%	3,669%	3,444%	3,741%	3,411%
127	2,972%	2,272%	3,670%	3,447%	3,741%	3,414%
128	2,978%	2,284%	3,670%	3,449%	3,741%	3,416%
129	2,984%	2,295%	3,671%	3,451%	3,741%	3,419%
130	2,989%	2,306%	3,672%	3,454%	3,741%	3,422%
131	2,995%	2,317%	3,672%	3,456%	3,741%	3,424%
132	3,001%	2,328%	3,673%	3,458%	3,741%	3,427%
133	3,007%	2,338%	3,673%	3,460%	3,741%	3,429%
134	3,012%	2,349%	3,674%	3,462%	3,741%	3,431%
135	3,018%	2,359%	3,675%	3,465%	3,741%	3,434%
136	3,023%	2,369%	3,675%	3,467%	3,741%	3,436%
137	3,028%	2,379%	3,676%	3,469%	3,741%	3,438%
138	3,033%	2,389%	3,676%	3,471%	3,742%	3,441%
139	3,039%	2,399%	3,677%	3,473%	3,742%	3,443%
140	3,044%	2,408%	3,677%	3,475%	3,742%	3,445%
141	3,049%	2,418%	3,678%	3,477%	3,742%	3,447%
142	3,054%	2,427%	3,678%	3,479%	3,742%	3,449%
143	3,058%	2,436%	3,679%	3,481%	3,742%	3,451%
144	3,063%	2,445%	3,679%	3,482%	3,742%	3,453%
145	3,068%	2,454%	3,680%	3,484%	3,742%	3,456%
146	3,073%	2,463%	3,680%	3,486%	3,742%	3,458%
147	3,077%	2,472%	3,681%	3,488%	3,742%	3,460%

148	3,082%	2,481%	3,681%	3,490%	3,742%	3,461%
149	3,086%	2,489%	3,682%	3,491%	3,742%	3,463%
150	3,091%	2,497%	3,682%	3,493%	3,742%	3,465%

Téarma go dtí aibíocht (i mblianta)	Franc na hEilvéise	Dollar na hAstráile	Baht	Dollar Cheanada	Peso na Sile	Peso na Colóime
1	-0,830%	-0,061%	0,050%	0,236%	-0,111%	1,560%
2	-0,810%	-0,011%	0,119%	0,310%	0,185%	2,282%
3	-0,777%	0,065%	0,216%	0,400%	0,520%	2,887%
4	-0,728%	0,165%	0,331%	0,513%	0,864%	3,408%
5	-0,662%	0,287%	0,457%	0,621%	1,190%	3,846%
6	-0,586%	0,420%	0,587%	0,716%	1,492%	4,231%
7	-0,513%	0,551%	0,715%	0,807%	1,784%	4,580%
8	-0,453%	0,677%	0,834%	0,894%	2,070%	4,896%
9	-0,410%	0,795%	0,941%	0,971%	2,335%	5,201%
10	-0,386%	0,902%	1,033%	1,031%	2,565%	5,484%
11	-0,380%	1,000%	1,114%	1,074%	2,756%	5,701%
12	-0,384%	1,085%	1,185%	1,104%	2,914%	5,857%
13	-0,392%	1,157%	1,246%	1,126%	3,048%	5,968%
14	-0,400%	1,218%	1,303%	1,144%	3,162%	6,044%
15	-0,406%	1,268%	1,361%	1,160%	3,260%	6,095%
16	-0,409%	1,309%	1,423%	1,176%	3,346%	6,125%
17	-0,407%	1,344%	1,486%	1,192%	3,421%	6,139%
18	-0,400%	1,374%	1,550%	1,209%	3,487%	6,141%
19	-0,387%	1,400%	1,614%	1,227%	3,546%	6,134%
20	-0,370%	1,424%	1,676%	1,246%	3,599%	6,120%
21	-0,347%	1,446%	1,737%	1,267%	3,647%	6,100%
22	-0,318%	1,464%	1,797%	1,290%	3,690%	6,077%
23	-0,284%	1,478%	1,854%	1,314%	3,729%	6,050%
24	-0,245%	1,486%	1,910%	1,340%	3,764%	6,021%
25	-0,200%	1,488%	1,963%	1,368%	3,797%	5,991%
26	-0,149%	1,484%	2,015%	1,397%	3,827%	5,960%
27	-0,094%	1,478%	2,064%	1,428%	3,854%	5,928%
28	-0,037%	1,473%	2,111%	1,461%	3,880%	5,896%
29	0,022%	1,473%	2,157%	1,496%	3,903%	5,864%
30	0,081%	1,480%	2,200%	1,532%	3,925%	5,833%
31	0,140%	1,495%	2,242%	1,571%	3,946%	5,802%
32	0,198%	1,516%	2,281%	1,610%	3,965%	5,772%
33	0,256%	1,542%	2,319%	1,651%	3,982%	5,742%
34	0,313%	1,572%	2,356%	1,691%	3,999%	5,713%
35	0,368%	1,605%	2,391%	1,732%	4,015%	5,685%

36	0,422%	1,639%	2,424%	1,772%	4,029%	5,658%
37	0,474%	1,675%	2,456%	1,812%	4,043%	5,631%
38	0,525%	1,711%	2,487%	1,851%	4,056%	5,606%
39	0,574%	1,748%	2,517%	1,890%	4,068%	5,581%
40	0,621%	1,784%	2,545%	1,927%	4,080%	5,557%
41	0,667%	1,821%	2,572%	1,964%	4,091%	5,534%
42	0,712%	1,857%	2,598%	1,999%	4,101%	5,512%
43	0,755%	1,892%	2,623%	2,034%	4,111%	5,490%
